CEACHT 37

BRONNTANAS AIRGID



Pictiúr: Radharc:

Teach na bpáistí, an t-uncail ag tabhairt airgid do Nóirín, Páid agus Bríd; píosa cúig phingin, píosa deich bpingin, píosa caoga pingin, punt, ag ceannach milseán sa siopa, Páid ag cur a chuid airgid in oifig an phoist, bábóg le cur sa chiorcal cainte de réir mar a oireann.

Gníomhartha agus geáitsíocht a dhéanamh de réir mar a bhíonn gá leo.

CÉIM 1. CLOISTEÁIL AGUS AITHINT

Cuntas Reatha

Tháinig uncail na leanaí ar cuairt go dtí an teach. Thug sé bronntanas airgid do na leanaí. Bhí siad an-sásta leo féin.

Agallamh

NÓIRÍN: Féach! Thug m'uncail cúig phingin dom.
BRÍD: Ní cúig phingin é sin ach deich bpingin.
PÁID: Thug sé punt domsa.
BRÍD: Caoga pingin a fuair mise uaidh.
NÓIRÍN: Rachaimid go dtí an siopa chun milseáin a cheannach.
BRÍD: Ba mhaith liomsa bábóg a cheannach.
PÁID: Cuirfidh mise mo chuid airgid in oifig an phoist.

CÉIM 2. AITHRIS

CÉIM 3. ATHRÁ Ó SPREAGTHAIGH

(a) Spreagthaigh shúl (mar atá i gCéim 1);

(b) Spreagthaigh chluas:

Tháinig duine éigin ar cuairt?
Céard a thug sé do na leanaí?
An raibh siad sásta ansin?

A "Nóirín", céard (cad) a thug d'uncail duit?
An cúig phingin é sin, a "Bhríd"?
Céard a thug sé duitse, a "Pháid"?
Cá mhéad a fuair tusa, a "Bhríd"?
Cá rachaidh sibh, a "Nóirín"?
Céard ba mhaith leatsa a cheannach, a "Bhríd"?
Céard a dhéanfaidh tusa, a "Pháid"?

CÉIM 4. CLEACHTADH MŪNLAÍ AGUS FOCLÓRA

1. *Tháinig* sé go dtí an teach.
   (*gach lá, amárach, anois;* ní, an?: *amárach;* níor, ar?: *inné*).
2. Thug sé bronntanas airgid *do na leanaí.*
   (*mise, tusa, eisean, ise, sibh, Seán*).
3. *Thug* sé punt dom.
   (*anois, amárach, gach lá;* níor, ar?: *Dé Domhnaigh seo caite;* ní, an?: *amárach*).
4. Caoga pingin a fuair mise *uaidh.*
   (*mise, ise, Seán, uncail*).

CÉIM 5. SAORCHOMHRÁ CRUTHAITHEACH

1. Aithris ar an mbunchomhrá.
2. An t-uncail ag tabhairt an airgid do na páistí.
3. Scéal a chumadh:
   "*Chuaigh Páid go hoifig an phoist inné. Chuir sé airgead . . .*"
4. Dráma:
   Cuairt na haintín; bronntanais éigin eile á dtabhairt aici do na páistí.
5. Comhrá faoin bpictiúr agus ceisteanna ó pháistí ar a chéile agus ar an múinteoir.

Rann Ceoil (An ceol ar théip)

I

Tháinig Uncail Pól inné,
Sa charr mór dubh a tháinig sé;
Thug sé punt do Pháid is Bhríd,
Agus síos chuig an siopa a chuaigh siad.

II

Cheannaigh Páid gunna agus téad,
Cheannaigh Bríd bábóg bheag dheas,
Fuair siad bronntanas beag do Mham
Is rith siad abhaile go sásta.